Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6801/25**

**ENER 57**
**ENV 126**
**CLIMA 56**
**IND 58**
**RECH 85**
**COMPET 122**
**ECOFIN 245**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 98 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le dlúthpháirtíocht agus gnéithe áirithe a bhaineann le stóráil gáis bunaithe ar Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 98 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 98 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.3.2025
COM(2025) 98 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le dlúthpháirtíocht agus gnéithe áirithe a bhaineann le stóráil gáis bunaithe ar Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

Tá saoráidí stórála gáis faoi thalamh ríthábhachtach do shlándáil sholáthar fuinnimh an Aontais. Le hacmhainn iomlán 1 147 TWh (thart ar 105 bcm, a chomhfhreagraíonn do thart ar aon trian d'éileamh comhiomlánaithe an Aontais), soláthraíonn siad solúbthacht shéasúrach fhíor-riachtanach don chóras gáis, rud a sholáthraíonn 25-35 % den tomhaltas gáis iarbhír san Aontas de ghnáth, le linn an gheimhridh go minic mar an phríomhfhoinse soláthair. Le stóráil gáis, is féidir úsáid níos éifeachtúla a bhaint as córas gáis an Aontais tríd an ngá atá le sreafaí arda allmhairiúcháin a laghdú le linn buaicthréimhsí tomhaltais nuair a bhíonn praghsanna gáis níos airde, rud a chuidíonn le ró-infheistíocht sa bhonneagar tarchurtha a sheachaint, rud a chuireann le cobhsaíocht praghsanna agus a ionsúnn suaití soláthair.

In 2021, bhí tréimhse fhada praghsanna luaineacha agus arda fuinnimh san Aontas mar gheall ar leibhéil líonta stórála ní b'ísle ná mar ba ghnách, i measc tosca eile. Leis an teannas geopholaitiúil méadaithe i ndiaidh ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin ag tús 2022, cuireadh le héiginnteachtaí agus cuireadh i dtábhacht an gá atá le saoráidí stórála gáis atá líonta go leordhóthanach le haghaidh na ngeimhrí a bheidh ann amach anseo.

Dá bhrí sin, i mí an Mheithimh 2022, ghlac na comhreachtóirí an togra ón gCoimisiún[1] le haghaidh leasú ar Rialachán (AE) 2017/1938 a mhéid a bhaineann le Slándáil an tSoláthair Gáis[2]. Leagtar síos leis an leasú, i measc nithe eile, spriocanna líonta bliantúla éigeantacha faoin 1 Samhain gach bliain: 80 % in 2022 agus 90 % ó 2023 ar aghaidh, chomh maith le conairí líonta chun na spriocanna sin a bhaint amach. Ceanglaítear ar na Ballstáit nach bhfuil stóráil gáis acu 15 % ar a laghad dá dtomhaltas bliantúil gáis a stóráil i mBallstát eile. Thairis sin, le Rialachán (AE) 2022/1032, nó leis an Rialachán maidir le Stóráil Gáis, tugadh isteach freisin an oibleagáid oibreoirí córais stórála a dheimhniú i ngach Ballstát.

I dteannta a chéile, tá sé cruthaithe go bhfuil na bearta sin ríthábhachtach chun teacht slán as an nganntanas soláthair gáis agus chuir siad go mór le héiginnteachtaí sa mhargadh agus luaineacht praghsanna a laghdú. Níor tharla cás 2022 maidir le harduithe tobanna ar phraghsanna gáis arís in 2023 ná in 2024 agus leis an oibleagáid oibreoirí córais stórála a dheimhniú, cuireadh deireadh leis an gcleachtas ó bhí 2021 ann i gcás inar líonadh cuid de na saoráidí stórála gáis a bhí faoi úinéireacht tríú páirtí faoi bhun acmhainne d'aon ghnó nó go raibh moill ar líonadh na saoráidí roimh mhíonna an gheimhridh.

Mar sin féin, tá slándáil soláthair an Aontais fós neamhchosanta ar rioscaí mar gheall ar an éagobhsaíocht gheopholaitiúil, go háirithe an fhéidearthacht go ndéanfadh an Rúis an soláthar a úsáid mar uirlis troda a thuilleadh i gcomhthéacs a fogha míleata in aghaidh na hÚcráine. Is dócha go gcuirfidh na rioscaí sin síneadh leis an tréimhse doichte agus éiginnteachta sa mhargadh gáis agus go gcuirfidh siad i dtábhacht an ról lárnach a bheidh ag saoráidí stórála i gcónaí maidir le

[1] Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis (an Rialachán maidir le Stóráil Gáis) (IO L 173, 30.6.2022, lgh. 17-33).

[2] Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis)
(IO L 280, 28.10.2017, lch. 1).

slándáil soláthair an Aontais. Deimhníodh an chonclúid sin le déanaí i dtuarascáil fhairsing ón gCúirt Iniúchóirí maidir le bearta slándála fuinnimh an Aontais[3].

Déantar cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Stóráil Gáis in 2024 a mheas sa tuarascáil reatha. Cloíonn sí den chuid is mó leis an struchtúr a bunaíodh leis an dá thuarascáil bhliantúla roimhe seo ach tugtar isteach roinnt gnéithe nua léi, lena léirítear na hathruithe reachtacha a tugadh isteach le glacadh Rialachán (AE) 2024/1789 maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gás in-athnuaite, gás nádúrtha agus hidrigin (an Rialachán maidir leis an Margadh Gáis), lena leasaítear an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis. Baineann na gnéithe nua go príomha leis na forálacha measúnaithe riosca agus dlúthpháirtíochta. Tá nuashonruithe maidir le bearta stórála gáis, dul chun cinn maidir le nósanna imeachta deimhniúcháin, chomh maith le bearta a bhaineann le measúnú riosca agus dlúthpháirtíocht a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo bunaithe go príomha ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, arna comhlánú le sonraí ó Eurostat, ón Airmheán Comhpháirteach Taighde, ó ACER agus ó ENTSO-G.

## 2. BUNÚS DLÍ AGUS COMHTHÉACS

Luaitear in Airteagal 17a den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis nach mór don Choimisiún tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ní mór na nithe seo a leanas a chur san áireamh sna tuarascálacha sin:

- forléargas ar na bearta a rinne na Ballstáit chun a n-oibleagáidí stórála a chomhlíonadh;
- forléargas ar an méid ama is gá don nós imeachta deimhniúcháin a leagadh amach roimhe seo[4] in Airteagal 3a de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009[5] (an Rialachán maidir le Gás);
- forbhreathnú ar na bearta a d’iarr an Coimisiún chun comhlíonadh na gconairí líonta agus na spriocanna líonta a áirithiú;
- anailís ar na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag an Rialachán seo ar phraghsanna gáis agus ar na coigiltí gáis a d’fhéadfadh a bheith ann i ndáil le hAirteagal 6b(4).

Ceanglaítear ar an gCoimisiún de bhreis air sin leis na leasuithe ar Airteagal 17a den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis a tugadh isteach leis an Rialachán maidir leis an Margadh Gáis measúnú ginearálta a sholáthar ar chur i bhfeidhm Airteagal 6a go Airteagal 6d, Airteagal 7(1) agus (4), pointe (g), Airteagal 13, Airteagal 13a, Airteagal 16(3), Airteagal 17a, Airteagal 18a, Airteagal 20(4), agus Iarscríbhinní Ia agus Ib.

## 3. FORBHREATHNÚ AR BHEARTA A RINNE NA BALLSTÁIT

Foráiltear leis na leasuithe a tugadh isteach leis an Rialachán maidir le Stóráil Gáis nach mór do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun na spriocanna líonta a bhaint amach. Ba cheart é a

---

[3] Tuarascáil speisialta 09/2024:Slándáil an tsoláthair gáis san Aontas.

[4] Tá an oibleagáid oibreoirí córais stórála a dheimhniú anois in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1789 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir leis na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, gás nádúrtha agus hidrigine, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011, (AE) 2017/1938, (AE) 2019/942 agus (AE) 2022/869 agus Cinneadh (AE) 2017/684 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (athmhúnlú) a tháinig i bhfeidhm an 5 Feabhra 2025 (IO L, 2024/1789, 15.7.2024) (an Rialachán maidir leis an Margadh Gáis).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (an Rialachán maidir le Gás)
(IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

bheith d'aidhm acu bearta margadhbhunaithe a úsáid i gcás inar féidir chun suaitheadh sa mhargadh nach bhfuil gá leis a sheachaint. Féadfar bearta rialála, dreasachtaí airgeadais nó cúiteamh do rannpháirtithe an mhargaidh a áireamh sna bearta.

Leis an Rialachán maidir le Stóráil, tugtar liosta léiritheach agus neamh-uileghabhálach de bhearta agus d'uirlisí féideartha. Sheol an Coimisiún suirbhé chuig údaráis na mBallstát i bhfómhar 2024, chun na bearta agus na huirlisí a d'úsáid siad lena áirithiú gur líonadh a láithreáin stórála a bhailiú. Áiríodh leis sin comhaontuithe, Meabhráin Tuisceana, nó sásraí comhroinnte dualgas arna síniú ag na Ballstáit nach bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh acu lena gcuimsítear socruithe chun saoráidí stórála faoi thalamh a úsáid.

Dheimhnigh na Ballstáit ag a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh gur leanadh den chuid is mó in 2024 leis na bearta a bhí i bhfeidhm in 2022 agus 2023. Anuraidh, ghlac an Ostair, an Laitvia, an Ísiltír agus an Spáinn bearta nua agus/nó chuir siad síneadh leis na bearta atá ann cheana nó chuir siad ar ceal iad. Cuireadh síneadh le cúltaca straitéiseach na hOstaire atá faoi rialú stáit, thug an Laitvia táirge cuachta nua isteach chun úsáid fhadtéarmach na saoráidí stórála a dhreasú agus rinne an Ísiltír an páirtí ainmnithe a athshannadh agus é de chúram uirthi an tsaoráid stórála a líonadh. Sa Spáinn, cuireadh deireadh leis an lascaine ar tharaif stórála le haghaidh acmhainní a bhí níos mó ná 20 lá de thomhaltas daingean i gceist leo. Mar gheall ar dhálaí fabhracha an mhargaidh le linn shéasúr líonta stórála 2024, éascaíodh líonadh éifeachtach na láithreán stórála in am agus ní gá bearta na rogha deiridh a fhorfheidhmiú. I measc na mbeart ba choitianta a chuir na Ballstáit chun feidhme bhí:

- Méid íosta i stóráil gáis: lena bhforchuirtear oibleagáid ar Oibreoirí Córais Stórála an íosleibhéal líonta a bhaint amach, i gcomhréir leis an gcuspóir náisiúnta;
- Acmhainní tairisceana: lena gceanglaítear ar Oibreoirí Córais Stórála na hacmhainní a chur amach ar tairiscint chuig rannpháirtithe sa mhargadh (trí cheantanna acmhainne i bhformhór na gcásanna);
- Eintiteas tiomnaithe a cheapadh: eintiteas a ainmniú chun seirbhís rogha deiridh a sholáthar le haghaidh stórála;
- Stóráil straitéiseach: lena nglactar ionstraimí éifeachtacha d'eintitis phoiblí nó phríobháideacha chun stoic straitéiseacha a cheannach agus a bhainistiú;
- Acmhainní conarthacha neamhúsáidte: a áirithiú go n-úsáidfear na hacmhainní conarthacha go héifeachtach trí shásraí plódaithe 'úsáid é nó caill é' a chur i bhfeidhm chun acmhainní stórála conarthacha ach neamhúsáidte a scaoileadh.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na bearta cur chun feidhme curtha ar fáil i dTábla 1.

**Tábla 1 - Bearta Airteagal 6b arna gcur chun feidhme in aghaidh an Bhallstáit le saoráidí stórála faoi thalamh**

| | AT | BE | BG | CZ | DE | DK | ES | FR | HR | HU | IT | LV | NL | PL | PT | RO | SE | SK |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Méid íosta i stóráil gáis** | x | | x | X | | | X | | T | x | | | | | x | x | | x |
| **Taiscint acmhainní** | | x | | | | x | X | x | | | x | | | | x | | | |
| **Stoc comhardúcháin a bhainistíonn OCT** | | | | | | | | | x | | T | | | | | | | |
| **Oibleagáidí a fhorchuirtear ar eintitis ainmnithe** | | | | X | x | x | | | x | | T | | | x | | | | |
| **Ionstraimí comhordaithe** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sásraí um sholáthar comhpháirteach deonach** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Dreasachtaí airgeadais do rannpháirtithe sa mhargadh** | | x | | T | | x | X | | | | T | | T | | | | | |
| **Acmhainní conarthacha neamhúsáidte** | x | x | | X | x | | X | | x | | x | | | | | | | |
| **Stóráil straitéiseach** | x | | x | X | x | x | X | | | x | x | x | | | | | | |
| **Ceapadh eintitis tiomnaithe** | | | | | x | | X | x | T | | T | | T | | | | x | |
| **Lascaine ar tharaifí stórála** | | x | | | | | T | | | | | | | | | | | |
| **Caiteachas caipitiúil agus oibríochtúil** | | | | | | | | x | | | x | | | | | | | |
| **Eile** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Ciallaíonn T beart sealadach
Foinse: Freagraí na mBallstát ar shuirbhé CE agus ar thuarascáil 2023 ACER agus VIS maidir le stóráil gáis

## 4. FORBHREATHNÚ AR AN NÓS IMEACHTA DEIMHNIÚCHÁIN

Le forálacha an Rialacháin maidir le Stóráil Gáis, a tugadh isteach sa Rialachán maidir le Gás[6], bunaíodh an oibleagáid ar na húdaráis inniúla náisiúnta Oibreoirí Córais Stórála a dheimhniú arb é is aidhm dóibh aon riosca maidir le slándáil an tsoláthair gáis a laghdú ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó uile-Aontais mar thoradh, *inter alia*, ar an méid seo a leanas:

(a) úinéireacht, soláthar nó aon chaidreamh tráchtála eile a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do dhreasachtaí agus do chumas an Oibreora Córais Stórála an tsaoráid stórála gáis faoi thalamh a líonadh;

(b) cearta agus oibleagáidí an Aontais maidir le tríú tír a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear aon chomhaontú arna thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó, agus an tAontas ina pháirtí ann, lena dtéitear i ngleic le saincheist shlándáil an tsoláthair fuinnimh;

(c) cearta agus oibleagáidí na mBallstát lena mbaineann maidir le tríú tír a eascraíonn faoi chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le Ballstáit a bhfuil baint acu le tríú tír amháin nó níos mó, a mhéid go gcomhlíontar dlí an Aontais leis na comhaontuithe sin; nó

(d) aon fhíoras sonrach nó imthosca sonracha eile a bhaineann leis an gcás.

Leis an reachtaíocht, ceanglaítear ar na Ballstáit dréachtchinntí deimhniúcháin a eisiúint faoin 2 Eanáir 2024 agus fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith. Chuir roinnt Ballstát a gcinntí deimhniúcháin stórála isteach cheana féin in 2023 agus d'eisigh an Coimisiún sé thuairim[7]. In 2024, leanadh leis an bpróiseas deimhniúcháin agus go dtí seo eisíodh cúig thuairim, ach tá 17 dtuairim le haghaidh ceithre Bhallstát ag céimeanna éagsúla den nós imeachta glactha. Tá roinnt Ballstát ann nár chuir dréachtchinntí isteach go fóill. I líon teoranta cásanna, braitheann dréachtú na tuairime ar leasuithe ar an gcreat reachtach nó rialála náisiúnta agus, dá bhrí sin, tógann sé níos mó ama iad a eisiúint. Is cosúil go bhfuil sé réalaíoch an nós imeachta deimhniúcháin a bheith

[6] Mar a luadh roimhe seo, tá an oibleagáid chun Oibreoirí Córais Stórála a dheimhniú anois in Airteagal 15 den Rialachán maidir leis an Margadh Gáis (Rialachán (AE) 2024/1789).
[7] https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-security/gas-storage_ga#certification-for-storage-system-operators.

curtha i gcrích faoi dheireadh 2025 i gcás fhormhór na mBallstát. Tríd an bpróiseas deimhniúcháin a chur i gcrích go rathúil, fuair na Ballstáit smacht iomlán ar a sócmhainní straitéiseacha arís, rud a chuir cosc ar chás 2021 a tharlú arís nuair a choinnigh Oibreoirí Córais Stórála áirithe stóráil ar leibhéal an-íseal d'aon ghnó.

**Tábla 2 — Forléargas ar an nós imeachta deimhniúcháin le linn 2024**

| An Ballstát | Aighneachtaí | Aighneachtaí ar feitheamh An líon oibreoirí (An líon láithreán stórála) [1] | An líon iomlán oibreoirí (An líon láithreán stórála) [2] |
|---|---|---|---|
| AT | 4 | | 4 (8) |
| BE | 1 | | 1 (1) |
| BG | | 1 (1) | 1 (1) |
| CZ | | 4 (9) | 4 (9) |
| DE | 5 | 20 (24) | 25 (50) |
| DK | 1 | | 1 (2) |
| ES | 2 | | 2 (4) |
| FR | 3 | | 3 (16) |
| HR | 1 | | 1 (1) |
| HU | 2 | | 2 (5) |
| IT | | 3 (13) | 3 (13) |
| LV | 1 | | 1 (1) |
| NL | 4 | 1 (3) | 4 (7) |
| PL | 1 | | 1 (7) |
| PT | 1 | | 1 (1) |
| RO | 2 | | 2 (6) |
| SE | 1 | | 1 (1) |
| SK | 2 | | 2 (2) |
| **IOMLÁN** | **31** | **29 (50)** | **58 (122)** |

`[1] Is é an t-oibreoir agus/nó an láithreán stórála a eisíonn na deimhniúcháin.
[2] Bunaithe ar mhalartú le Ballstáit, GIE AGSI+ agus ACER agus VIS tuarascáil 2023 ar Stóráil Gáis


## 5. NA CUSPÓIRÍ LÍONTA STÓRÁLA A CHOMHLÍONADH IN 2024

I mí na Samhna 2023, glacadh an Rialachán Cur Chun Feidhme (AE2023/2633)[8] lena leagtar síos spriocanna líonta idirmheánacha 2024 . Leis na spriocanna líonta idirmheánacha, soláthraítear an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit, rud a chuireann ar a gcumas an sprioc líonta 90 % deiridh a bhaint amach faoi thús an tséasúir téimh i mí na Samhna. Le linn 2024, leanadh ar aghaidh leis an gconair líonta de réir na spriocanna bunaithe.

[8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2633 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2023 lena socraítear an chonair líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha le haghaidh 2024 do gach Ballstát a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh acu ar a chríoch féin atá idirnasctha go díreach lena limistéar margaidh (IO L, 2023/2633, 23 11.2023)

Ag deireadh mhí an Mhárta 2024, bhí leibhéal stoic saoráidí stórála faoi thalamh an Aontais ag sroicheadh 60 % (670 TWh), rud a léiríonn rátaí líonta leanúnacha os cionn an mheáin i gcomparáid le leibhéil stairiúla. Rinneadh na leibhéil stórála gáis sa dara agus sa tríú ráithe de 2024 a ailíniú go dlúth le leibhéil 2023, agus bhain an tAontas leibhéal foriomlán 90 % amach an 19 Lúnasa, beagnach an lá céanna le 2023 (an 16 Lúnasa). Ós rud é go raibh na stoic ard cheana féin tar éis shéasúr aistarraingthe 2023/2024, bhí an líonadh níos moille ná mar is gnách le linn mhíonna deireanacha an tséasúir líonta stórála. Rinneadh thart ar 60 % den ghás a stóráladh i rith an tsamhraidh a instealladh idir mí na Bealtaine agus mí Iúil (féach Fíor 1). Faoin 1 Samhain 2024, shroich stóráil gáis an Aontais 95 %, agus sháraigh na Ballstáit uile an sprioc líonta, cé is moite den Danmhairg (féach Fíor 2).


**Fíor 1 – Glan-instealltaí stairiúla laethúla**




Foinse: Deais JRC um Shlándáil an tSoláthair [9]

**Fíor 2 - Gás i saoráidí stórála faoi thalamh de chuid an Aontais in 2024 agus in 2023 (go dtí mí na Nollag) i gcomparáid leis an meán agus raon 6 bliana roimhe sin.**

[9] Nasc chuig Deais JRC um Shlándáil an tSoláthair



Foinse: Deais JRC um Shlándáil an tSoláthair

Faoin 1 Samhain, líon beagnach gach Ballstát a stóráil níos mó ná 90 %, agus ar an gcaoi sin bhain siad amach an sprioc a leagtar síos leis an Rialachán Cur Chun Feidhme. Ba í an Danmhairg an t-aon eisceacht amháin, áit a raibh na leibhéil stórála ag 75 % an 1 Samhain. Ba é ba chúis leis an líonadh stórála faoi bhun na sprice sa Danmhairg meascán de shaincheisteanna bonneagair theicniúil a bhain le hardán táirgthe Tyra a choimisiúnú, agus cothabháil neamhphleanáilte ar chríochfort gáis Nybro. Ina theannta sin, chuir an Ghearmáin tobhach stórála gáis, mar a thugtar air, i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024, dleacht chánach ar ghás a iompraíodh, dleacht a cruthaíodh chun costais líonta láithreán stórála a chumhdach. Dá bhrí sin, ba chosúil nach raibh allmhairiú gáis ó threo na Gearmáine chomh tarraingteach céanna agus spreag sé gníomhaithe margaidh chun gás a tharraingt siar ó shaoráidí stórála gáis, lena n-áirítear saoráidí stórála na Danmhairge, ina ionad sin. D'ainneoin nár baineadh amach sprioc an 1 Samhain, d'fhan staid fhoriomlán na slándála fuinnimh sa Danmhairg cobhsaí, a bhuí go príomha le coimisiúnú an Phíobáin Bhaltaigh le déanaí agus leis an sciar de tháirgeadh bithmheatáin atá ag méadú go leanúnach lena gcumhdaítear beagnach 40 % den tomhaltas gáis intíre. Mar sin féin, tarraingíonn an staid aird ar na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag beart a glacadh i mBallstát amháin ar an staid slándála fuinnimh i mBallstát eile agus ar an ngá atá le bearta náisiúnta aontaobhacha a sheachaint. Bhí idirphlé gníomhach ag an gCoimisiún Eorpach leis an Danmhairg agus leis an údarás inniúil náisiúnta a ghlac bearta lena gceadaítear don Danmhairg sprioc idirmheánach an 1 Feabhra 2025 a bhaint amach.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil acmhainn stórála na Laitvia agus na hÍsiltíre i bhfad níos mó ná na méideanna tomhaltais intíre agus ar an gcúis sin, i gcomhréir le hAirteagal 6a den Rialachán maidir le Stóráil Gáis, socraítear an sprioc bhliantúil deiridh don dá Bhallstát sin ar bhealach difriúil agus, dá bhrí sin, chomhlíon an dá thír an sprioc líonta 90 %, fiú má bhí an luach ainmniúil beagán níos ísle (féach fonóta 11 freisin le haghaidh míniú breise ar an modheolaíocht laghdaithe).

Maidir leis an gComhphobal Fuinnimh, rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le forálacha stórála gáis an Rialacháin maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis a chur chun feidhme. Bhí an tSeirbia agus an Úcráin, an dá Pháirtí Chonarthacha a bhfuil saoráidí stórála acu, ag comhlíonadh a spriocanna stórála (cás amhail mí na Bealtaine 2024). Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach tuarascáil bhliantúil 2024 ó Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh[10].

**Tábla 31 - Comhlíonadh spriocanna líonta an Rialacháin maidir le stóráil le haghaidh 2024**[11]

| An Ballstát | Sprioc idirmheánach an 1 Feabhra | Leibhéal Líonta an 1 Feabhra | Sprioc idirmheánach an 1 Bealtaine | Leibhéal líonta an 1 Bealtaine | Sprioc idirmheánach an 1 Iúil | Leibhéal líonta an 1 Iúil | Sprioc idirmheánach an 1 Meán Fómhair | Leibhéal líonta an 1 Meán Fómhair | Sprioc líonta an 1 Samhain | Leibhéal líonta an 1 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AT** | 50 % | 81 % | 40 % | 75 % | 58 % | 83 % | 72 % | 92 % | 90 % | 94 % |
| **BE** | 30 % | 60 % | 5 % | 52 % | 40 % | 73 % | 78 % | 94 % | 90 % | 98 % |
| **BG** | 52 % | 67 % | 33 % | 44 % | 55 % | 72 % | 77 % | 88 % | 90 % | 100 % |
| **CZ** | 40 % | 75 % | 25 % | 62 % | 30 % | 82 % | 60 % | 93 % | 90 % | 92 % |
| **DE** | 45 % | 74 % | 10 % | 68 % | 30 % | 82 % | 65 % | 95 % | 90 % | 98 % |
| **DK** | 45 % | 75 % | 40 % | 55 % | 60 % | 64 % | 80 % | 75 % | 90 % | 75 % |
| **ES** | 59 % | 81 % | 60 % | 83 % | 66 % | 95 % | 80 % | 100 % | 90 % | 100 % |
| **FR** | 41 % | 59 % | 11 % | 50 % | 39 % | 68 % | 81 % | 90 % | 90 % | 95 % |
| **HR** | 46 % | 51 % | 29 % | 33 % | 51 % | 59 % | 83 % | 88 % | 90 % | 91 % |
| **HU** | 51 % | 76 % | 37 % | 71 % | 65 % | 78 % | 86 % | 90 % | 90 % | 91 % |
| **IT** | 45 % | 64 % | 36 % | 65 % | 54 % | 82 % | 72 % | 93 % | 90 % | 99 % |
| **LV** | 45 % | 57 % | 41 % | 46 % | 63 % | 58 % | 90 % | 71 % | 90 % | 80 % |
| **NL** | 43 % | 65 % | 30 % | 55 % | 50 % | 69 % | 68 % | 91 % | 90 % | 89 % |
| **PL** | 50 % | 75 % | 35 % | 43 % | 60 % | 73 % | 80 % | 98 % | 90 % | 98 % |
| **PT** | 70 % | 103 % | 70 % | 92 % | 80 % | 102 % | 80 % | 102 % | 90 % | 103 % |
| **RO** | 40 % | 63 % | 41 % | 58 % | 65 % | 77 % | 85 % | 94 % | 90 % | 103 % |
| **SE** | 59 % | 77 % | 30 % | 63 % | 61 % | 63 % | 79 % | 91 % | 90 % | 91 % |
| **SK** | 45 % | 73 % | 20 % | 70 % | 27 % | 79 % | 67 % | 95 % | 90 % | 95 % |

Foinse: leibhéil líonta bunaithe ar AGSI+ GIE

## Laghdú ar éileamh

Laghdaíodh an t-éileamh ar ghás 18 % idir mí Lúnasa 2022 agus mí Mheán Fómhair 2024, rud a sháraíonn an sprioc laghdaithe dheonaigh 15 % a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/1369[12] agus i Moladh C/2024/2476 ón gComhairle[13].

**Fíor 3 - Éileamh míosúil ar ghás**


---

[10] https://www.energy-community.org/news/Energy-Community-News/2024/05/28b.html.

[11] Tá spriocanna rialála Thábla 3 faoi réir laghdaithe de réir Airteagal 6a den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis. Tógtar an tábla ina léirítear na spriocanna ón Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2633 ón gCoimisiún. Tá an Iarscríbhinn faoi réir oibleagáidí *pro rata* gach Ballstáit faoin Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis, go háirithe Airteagail 6a, 6b agus 6c de. Maidir leis na Ballstáit a thagann faoi Airteagal 6a(2), déanfar an sprioc idirmheánach *pro rata* a ríomh tríd an luach a léirítear sa tábla a iolrú faoin uasteorainn 35 % agus tríd an toradh a roinnt ar 90 %.

[12] Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás.

[13] Moladh C/2024/2476 ón gComhairle an 25 Márta 2024 maidir le leanúint de bhearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú




Foinse: [Deais JRC um Shlándáil an tSoláthair]

### Measúnú riosca

San Ionsamhlú ar Shlándáil an tSoláthair ar fud an Aontais a rinne ENTSO-G i mí na Samhna 2024, cuirtear san áireamh cásanna ina gcuirfí isteach go fada ar fhoinse aonair soláthair. Go háirithe, meastar gur bonnlíne i ngach cás é suaitheadh iomlán sholáthar na Rúise. Glactar leis i ngach cás freisin go mbeidh leibhéil stórála an-íseal ann ag tús shéasúr an gheimhridh agus féachtar ar shuaitheadh breise sa bhonneagar lena léirítear rioscaí a bhaineann le rialú an bhonneagair atá ábhartha do shlándáil an tsoláthair gáis, amhail mí-úsáid an bhonneagair atá ann cheana lena n-áirítear cnapaireacht acmhainne nó sárú ar dhlí an Aontais. Dearbhaítear sna conclúidí athléimneacht chóras gáis an Aontais agus leagtar béim iontu freisin ar an ról lárnach atá ag laghdú an éilimh ar ghás trí bhíthin coigilteas fuinnimh nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh.

## 6. DLÚTHPHÁIRTÍOCHT

Tá ról ríthábhachtach ag na sásraí dlúthpháirtíochta a tugadh isteach leis an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis chun a áirithiú go mbeidh teacht ag custaiméirí atá faoi chosaint, amhail teaghlaigh agus ospidéil, ar ghás le linn géarchéimeanna tromchúiseacha. Cuireadh an dlúthpháirtíocht chun feidhme ar dtús trí chomhaontuithe deonacha déthaobhacha dlúthpháirtíochta idir Ballstáit den Aontas a bhfuil nasc díreach acu le chéile, cé is moite de Mhálta, den Chipir agus d’Éirinn a thairbhíonn de mhaolú (toisc nach bhfuil siad nasctha go díreach le haon Bhallstát eile). Tá naoi gcomhaontú dlúthpháirtíochta sínithe go dtí seo, as an daichead comhaontú a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear comhaontuithe idir an Ghearmáin, an Iodáil agus

an Eilvéis a síníodh in 2024. In 2022, ag buaic na géarchéime gáis, bhí an líon íseal comhaontuithe a daingníodh ag nochtadh an Aontais do riosca maidir le slándáil an tsoláthair agus rinneadh athmheasúnú ar choincheap na gcomhaontuithe deonacha. Dá bhrí sin, neartaíodh coincheap na dlúthpháirtíochta tríd an Rialachán maidir leis an Margadh Gáis, lena mbunaítear forálacha dlúthpháirtíochta réamhshocraithe chun prionsabal na dlúthpháirtíochta a oibríochtú i gcás géarchéime agus i gcás nach bhfuil comhaontuithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta i bhfeidhm.

Ina theannta sin, leis an Rialachán maidir leis an Margadh Gáis, leathnaítear an oibleagáid dlúthpháirtíochta chuig Ballstáit atá nasctha go hindíreach, rud a chuireann ar a gcumas rochtain a fháil ar dhlúthpháirtíocht mhargadhbhunaithe níos mó, *inter alia*, trí sholáthairtí GNL. Léiríodh le cleachtadh géarchéime boird ('triail') i mí na Samhna 2024 a d'eagraigh an Coimisiún éifeachtacht na bhforálacha nua dlúthpháirtíochta, agus leagadh béim ar ról na mbeart margadhbhunaithe lena laghdaítear costas foriomlán na dlúthpháirtíochta don Aontas. Thairis sin, is féidir ról lárnach a bheith ag GNL in iarrataí dlúthpháirtíochta, ós rud é gur féidir ról éascaitheora a bheith ag na Ballstáit sa phlé idir gníomhaithe margaidh, agus nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil orthu a cheangal ar sheoltóirí GNL a seachadtaí a atreorú. Sainaithníodh sa chleachtadh freisin réimsí chun feabhas a chur ar chur chun feidhme na dlúthpháirtíochta i gcás géarchéime, lena n-áirítear an gá atá le nósanna imeachta níos soiléire, treoirlínte maidir le gníomhaíochtaí faireacháin, agus socruithe conarthacha idir na páirtithe lena mbaineann chun cur chun feidhme na sásraí dlúthpháirtíochta a éascú.

## 7. An Rialachán maidir le Stóráil Gáis a chur chun feidhme in 2025

Tá spriocanna idirmheánacha na gconairí líonta le haghaidh 2025 bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil agus ar mheasúnú an Choimisiúin ar staid ghinearálta shlándáil an tsoláthair, agus rátaí líonta na 5 bliana roimhe sin agus Ionchas Soláthair Gheimhridh ENTSO-G á gcur san áireamh. Leagadh síos spriocanna 2025 go foirmiúil i mí na Samhna 2024 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2995 ón gCoimisiún, le cúnamh ón gCoiste um Stóráil Gáis. Meastar gur spriocanna íosta iad na spriocanna idirmheánacha sin lena dtugtar an tsolúbthacht mhargaidh is mó chun an 90 % a bhaint amach, fad a leanfar d'iarrachtaí chun an t-éileamh a laghdú agus fad a choinneofar soláthairtí ar bun ar an leibhéal céanna leis an mbliain roimhe sin.

**Tábla 4 -2 - Spriocanna idirmheánacha le haghaidh 2025 le haghaidh na mBallstát ag a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh, arna nglacadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2995 ón gCoimisiún[14]. 29.11.2024 (https://energy.ec.europa.eu/publications/implementing-regulation-setting-filling-trajectory-intermediary-targets-2025-member-states_ga)**

| An Ballstát | Sprioc idirmheánach an 1 Feabhra | Sprioc idirmheánach an 1 Bealtaine | Sprioc idirmheánach an 1 Iúil | Sprioc idirmheánach an 1 Meán Fómhair | Sprioc líonta an 1 Samhain[15] |
|---|---|---|---|---|---|
| **AT** | 64 % | 52 % | 66 % | 77 % | **90 %** |
| **BE** | 30 % | 5 % | 40 % | 78 % | **90 %** |
| **BG** | 55 % | 36 % | 57 % | 77 % | **90 %** |

[14] Tá an tábla faoi réir oibleagáidí *pro rata* gach Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2017/1938, go háirithe Airteagail 6a, 6b agus 6c de.

[15] Féach Airteagal 6a(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **CZ** | 40 % | 25 % | 30 % | 60 % | **90 %** |
| **DE** | 45 % | 10 % | 30 % | 65 % | **90 %** |
| **DK** | 45 % | 40 % | 60 % | 75 % | **90 %** |
| **ES** | 58 % | 53 % | 64 % | 80 % | **90 %** |
| **FR** | 41 % | 11 % | 39 % | 81 % | **90 %** |
| **HR** | 46 % | 29 % | 51 % | 83 % | **90 %** |
| **HU** | 59 % | 38 % | 61 % | 84 % | **90 %** |
| **IT** | 55 % | 45 % | 54 % | 72 % | **90 %** |
| **LV** | 45 % | 41 % | 63 % | 90 % | **90 %** |
| **NL** | 47 % | 39 % | 57 % | 72 % | **90 %** |
| **PL** | 50 % | 35 % | 60 % | 80 % | **90 %** |
| **PT** | 70 % | 70 % | 80 % | 80 % | **90 %** |
| **RO** | 41 % | 42 % | 63 % | 84 % | **90 %** |
| **SE** | 53 % | 5 % | 5 % | 5 % | **90 %** |
| **SK** | 45 % | 20 % | 29 % | 74 % | **90 %** |

Tugtar le fios le hIonchas Soláthair Geimhridh ENTSO-G 2024/2025 go bhféadfadh an Eoraip, faoi chás tagartha geimhridh (gan aon tréimhse fhada fhuar), leibhéal stoic 40 % gáis a bhaint amach fós ag deireadh shéasúr an gheimhridh seo, fiú gan gás píblíne ón Rúis.

## 8. Anailís ar na hÉifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar phraghsanna gáis

Tá ról lárnach fós ag stóráil gáis maidir leis an teannas a mhaolú sna margaí gáis toisc gur féidir leo méideanna móra gáis a sholáthar nuair a bhíonn an soláthar teann agus, dá bhrí sin, luaineachtaí praghsanna agus spící a mhaolú. Tugadh faoi deara gur gnách go mbíonn na spotphraghsanna gáis níos airde nuair a bhíonn na leibhéil líonta faoi bhun an mheáin[16]. Sa chomhthéacs sin, thug an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh dá haire sa Tuarascáil Mheántéarma Gáis 2023 maidir le leibhéal ard stórála, mar aon leis an éileamh maolaithe, go raibh '*tionchar aige sin ar spotphraghasanna gáis san Eoraip*' sa tríú ráithe de 2023. Mar an gcéanna, in a tuarascáil i mí an Mheithimh 2023 thug ACER le fios go bhfuil 'na leibhéil líonta stórála i bhfad níos airde ná meán na mblianta seo caite' agus gur chuir siad le praghsanna a laghdú.'

Mar a léirítear sa ghraf thíos, tá praghsanna gáis mórdhíola ag athrú idir EUR 30 agus 50/MWh le cúpla mí anuas. Tá laghdú mór tagtha ar phraghsanna ó bhuaic na géarchéime i samhradh 2022 nuair a shroich praghsanna leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo os cionn EUR 300/MWh ach tá siad fós i bhfad níos airde ná mar a bhí roimh an ngéarchéim agus tá roinnt babhtaí luaineachta móra ann.


Chuir na Ballstáit agus an Coimisiún pacáiste cuimsitheach beart i bhfeidhm, agus iad curtha le chéile, chuidigh siad le feabhas a chur ar staid an mhargaidh agus chuidigh siad leis an mbrú ar phraghsanna a mhaolú. Bhí ról tábhachtach ag an ngealltanas íostoirteanna gáis a stóráil roimh an ngeimhreadh, mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis sa tsraith tionscnamh sin agus tá an leibhéal an-ard maidir le líonadh stórála a breathnaíodh ó bhí deireadh fhómhar 2022 ann ina chinntitheach ríthábhachtach (cé nach é an cinntitheach uathúil é) maidir le teannas sa mhargadh a mhaolú agus praghsanna gáis a laghdú.

Mar sin féin, go déanach i bhfómhar 2024 / go luath in 2025, i gcomhthéacs margadh dochta agus éileamh níos airde mar gheall ar aimsir níos fuaire, thosaigh an treocht maidir le leathadh diúltach geimhridh agus samhraidh ag teacht chun cinn i margadh gáis na hEorpa. Níl an chumraíocht

[16] 'What Drives Natural Gas Prices?' [Cad a Spreagann Praghsanna Gáis Nádúrtha?] ar JSTOR.

praghsanna seo fabhrach d'instealltaí stórála i rith an tsamhraidh, an ghnáth-thréimhse ama chun stóráil a líonadh. Is treocht réasúnta nua í agus i mí Eanáir 2025, tráth dréachtaithe na tuarascála seo, ní raibh aon aontoilíocht ann fós maidir leis na cúiseanna beachta leis an bhforbairt sin. D'fhéadfaí an feiniméan a thabhairt faoi deara i margaí eile freisin (e.g. an Áise Thoir Theas) agus dá bhrí sin ní féidir é a mhíniú leis an stad soláthair-éilimh san Eoraip amháin. D'fhéadfadh roinnt tosca a bhaineann go sonrach leis an Eoraip le déanaí, amhail an aimsir fhuar, agus táirgeadh íseal foinsí in-athnuaite fuinnimh, cur leis an méadú a tháinig le déanaí ar phraghsanna gáis agus aistarraingtí níos airde ó shaoráidí stórála. Is dócha go mbeidh tionchar anuas ar phraghsanna domhanda amach anseo ag an rabharta d'acmhainn bhreise GNL atá le teacht ar líne sna blianta amach romhainn. Idir an dá linn, chun an strus ar an gcóras a laghdú agus chun saobhadh margaidh a bhaineann le hathlíonadh stórais gáis a sheachaint, úsáidfidh an Coimisiún an lamháil inlíochta a sholáthraítear laistigh den rialachán i leith na mBallstát agus tá Moladh ón gCoimisiún á eisiúint aige, chun tacú leis na Ballstáit comhordú níos fearr a dhéanamh agus leibhéal solúbthachta níos airde fós a sholáthar maidir le conairí líonta chun spriocanna líonta le haghaidh stóráil gáis a chomhlíonadh ar a luas féin.

**Fíor 4 - Praghsanna lá roimh ré agus mí roimh ré TTF – Meitheamh 2021 - Meán Fómhair 2025**




*Foinse: ENER bunaithe ar shonraí S&P Global*

## 9. CONCLÚID

In 2024, baineadh amach nó sáraíodh na cuspóirí a leagtar síos leis an Rialachán maidir le Stóráil Gáis den chuid is mó. Faoin 1 Samhain, chomhlíon beagnach gach Ballstát an sprioc rialála, seachas an Danmhairg. Mar sin féin, níor chuir na leibhéil líonta níos ísle staid slándála fuinnimh fhoriomlán na Danmhairge i mbaol agus bhí an Danmhairg in ann sprioc idirmheánach an 1 Feabhra 2025 a bhaint amach.

Léirítear in Ionchas Soláthair Geimhridh ENTSO-G 2024/2025 chomh maith le tuarascálacha ráithiúla 2024 ón gCoimisiún maidir leis an margadh gáis conairí líonta réasúnta réidh le linn 2024. Deimhnítear é sin ós rud é nár ghlac aon Bhallstát aon bheart líonta nua le linn 2024 i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Ní raibh aon rogha ann maidir le bearta nach bhfuil margadhbhunaithe agus tá cúiseanna ann lena chreidiúint go leanann sásra na spriocanna idirmheánacha íosta de leibhéal leordhóthanach solúbthachta a chumasú do na Ballstáit chun a mbearta agus a sceidil féin a shocrú. An tráth céanna, chuidigh baint amach na gcuspóirí a leagtar síos leis an Rialachán maidir le Stóráil Gáis leis an bpréimh riosca sa mhargadh gáis a laghdú ag deireadh na bliana.

Leanadh le próiseas deimhniúcháin na saoráidí stórála gáis le linn 2024. Rinne údaráis náisiúnta dul chun cinn maidir le cinntí deimhniúcháin a ghlacadh agus d'eisigh an Coimisiún roinnt tuairimí le linn na bliana. Cé nár chuir roinnt Ballstát a gcinntí isteach go fóill, tá feabhas tagtha ar rialú an Aontais ar na sócmhainní straitéiseacha agus tá laghdú mór tagtha ar an spás le haghaidh cúbláil margaidh i gcomparáid le 2021.

Le linn 2024, níor fhógair aon Bhallstát leibhéil ghéarchéime nua dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis. Chuaigh an Fhionlainn ar ais ón leibhéal foláirimh go dtí leibhéal an luathrabhaidh agus rinne an Danmhairg, an tSualainn agus an Eastóin an luathrabhadh a dhíghníomhachtú. Is réamhchoinníoll é géarchéim a dhearbhú chun go n-iarrfaidh Ballstát bearta dlúthpháirtíochta a chur i bhfeidhm agus dá réir sin, ní dhearnadh aon iarraidh ar dhlúthpháirtíocht le linn 2024. Bunaithe ar an suirbhé a rinneadh ar na Ballstáit, cuireadh an Coimisiún ar an eolas nár síníodh aon chomhaontú déthaobhach maidir le comhroinnt ualaigh le linn 2024.

Le tástáil na bhforálacha dlúthpháirtíochta a tugadh isteach le Rialachán 2024/1789 maidir leis an Margadh Gáis, deimhnítear freisin go bhfuil na Ballstáit, an Coimisiún agus ENTSO-G ullamh d'éigeandáil gháis agus go ginearálta, le cur i bhfeidhm fhorálacha an Aontais maidir le dlúthpháirtíocht atá ann cheana agus a comhaontaíodh le déanaí, cuirtear creat leordhóthanach ar fáil chun freagairt thapa agus éifeachtach ar ghéarchéimeanna a ghníomhachtú. Leis na forálacha dlúthpháirtíochta nua lena leathnaítear na sásraí chuig Ballstáit atá nasctha go hindíreach, ceadaítear rochtain ar dhlúthpháirtíocht mhargadhbhunaithe atá níos mó agus a cheaptar a bheith níos saoire nuair a bhíonn éigeandáil ann do na comharsana atá nasctha go díreach. Thairis sin, is féidir ról lárnach a bheith ag GNL i gcás iarraidh ar dhlúthpháirtíocht, ach braitheann a éifeachtacht ar deireadh ar shocruithe conarthacha idir na páirtithe lena mbaineann.

Gan amhras, tá staid slándála fuinnimh na hEorpa in 2024 níos fearr ná mar a bhí in 2022 agus chuir conairí líonta cobhsaí stórála gáis go dearfach leis. Mar sin féin, tá saoráidí stórála gáis á n-ídiú ar luas níos tapúla ná mar a bhí in 2023 mar gheall ar an tús réasúnta fuar a bhí le geimhreadh 2024-25, agus tháinig laghdú ar leibhéal stórála foriomlán an Aontais, a bhí ard go stairiúil le linn na mblianta roimhe sin, go leibhéal atá coibhéiseach leis an meán a bhí ann roimh an ngéarchéim laistigh de 4 seachtaine. Ina theannta sin, d'fhéadfadh cothromaíocht dhomhanda gáis níos teinne a bheith ina toradh ar an gcomhthéacs geopholaitiúil foriomlán, ar an soláthar domhanda GNL atá marbhánta agus ar an éileamh seasta domhanda ar GNL in 2025. Ní fhoráiltear le táscairí reatha an mhargaidh go sroichfidh praghsanna gáis san Aontas na leibhéil is airde a chonacthas riamh in 2022 ach tá na rioscaí a bhaineann le staid gheopholaitiúil atá faoi bhrú leanúnach, lena n-áirítear an fhéidearthacht úsáid a bhaint as soláthar gáis na Rúise mar uirlis troda, fós ard agus d'fhéadfaidís roinnt brú a chur ar phraghsanna.

Leis an meascán tosca sin, deimhnítear ábharthacht an Rialacháin maidir le Stóráil Gáis agus a thábhachtaí atá sé leibhéil arda stórála a áirithiú roimh shéasúr an gheimhridh seo chugainn.